Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2022
(OR. en, fr)

16030/22
PV CONS 82

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

13 Nollaig 2022

## CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre .......... 3

2. Formheas na míreanna 'A' .......... 3
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha
   (b) Liosta don phlé reachtach

**Plé reachtach**

3. Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla .......... 3

4. Aon ghnó eile .......... 3

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach an 15 agus an 16 Nollaig 2022: Conclúidí .......... 4

6. Conclúidí maidir le méadú agus maidir leis an bpróiseas cobhsaíochta agus comhlachais .......... 4

7. Idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach .......... 4

8. Clársceidealú Reachtach – Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais don tréimhse ó 2023 go 2024 .......... 4

9. Seimeastar Eorpach 2023 – treochlár .......... 4

10. Obair leantach don imeacht aiseolais ar Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa .......... 4

11. Aon ghnó eile .......... 4

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .......... 5


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15811/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'** 15821/22

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha**

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 15821/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15822/22

Gnóthaí Ginearálta

**1. Rialachán maidir le Dlí Toghcháin an Aontais Eorpaigh** S 15490/22 AG PE

*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 7.12.2022

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le dlí toghcháin.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla** ❶C 15669/22

*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta.

Chuir an Fhrainc, chomh maith leis an nGearmáin i gcomhpháirt leis an gCróit, an Chipir, an Ghréig, Lucsamburg agus an Spáinn ráitis i láthair.

**4. Aon ghnó eile**

Ní ann d'aon ghnó eile.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Ullmhúchán don Chomhairle Eorpach<br>an 15 agus an 16 Nollaig 2022: Conclúidí<br>*Malartú tuairimí* | | 14092/22 |
| 6. | Conclúidí maidir le méadú agus maidir leis an bpróiseas cobhsaíochta agus comhlachais<br>*Formheas* | | 15750/22 + **ADD 1** |
| 7. | Idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach<br>*Malartú tuairimí* | | 11510/22 |
| **8.** | **Clársceidealú Reachtach – Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais don tréimhse ó 2023 go 2024**<br>*Formheas* | [3] | 15686/22<br>**+ ADD 1 REV 2** |

D'fhormheas an Chomhairle an Dearbhú Comhpháirteach.

Chuir an Ghearmáin (le tacaíocht ón Ísiltír), an Pholainn (le tacaíocht ón Ungáir) agus an tSlóivéin (le tacaíocht ón Ungáir) ráitis i láthair.

| | | |
|---|---|---|
| 9. | Seimeastar Eorpach 2023 – treochlár<br>*Cur i láthair ón Uachtaránacht agus ón Uachtaránacht inteachta* | 13683/22 |
| 10. | Obair leantach don imeacht aiseolais ar Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa<br>*Malartú tuairimí* | |
| 11. | Aon ghnó eile | |

---

- [1] An chéad léamh
- [S] Nós imeachta reachtach speisialta
- [3] Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- [C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 15811/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

'Is díol sásaimh don Fhrainc gur glacadh cur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán seo, agus tacaíonn sí leis an gcuspóir atá ann trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla a fheabhsú. Tá sé tábhachtach go mbeadh an fhaisnéis uile atá ar fáil ag saoránaigh na hEorpa chun rogha eolasach a dhéanamh; tá saol daonlathach ár mBallstát agus an Aontais Eorpaigh i gceist. Is minic a bhíonn an saol daonlathach seo leagtha amach i rialacha náisiúnta atá fite fuaite ann, rialacha a eascraíonn as an stair agus as ár gcultúir pholaitiúla faoi seach. Tá toirmeasc ag an bhFrainc, mar shampla, ar úsáid aon phróisis fógraíochta tráchtála chun críoch bolscaireachta toghcháin (Airteagal L. 52-1 den Chód Toghcháin) sna 6 mhí roimh na toghcháin. Is é an Stát a sheolann ábhar toghchánach agus a scaipeann é thar ceann na n-iarrthóirí uile, chun comhionannas eatarthu a áirithiú. Is dlúthchuid é seo de shamhail toghcháin na Fraince. Tugann an Fhrainc dá haire nach ndéanann an Rialachán seo difear don chineál sin forála náisiúnta, foráil nach mbaineann le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN nGEARMÁIN, AN CHRÓIT, AN CHIPIR, AN GHRÉIG, LUCSAMBURG AGUS AN SPÁINN**

'Tacaíonn an Ghearmáin in éineacht leis an gCróit, an Chipir, an Ghréig, Lucsamburg agus an Spáinn le haidhm an rialacháin maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla chun athléimneacht dhaonlathas na hEorpa a fheabhsú trí *inter alia* cosaint sonraí pearsanta a neartú i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla. De mheon an chomhréitigh agus leis an gcuspóir go dtiocfaidh na rialacha nua seo i bhfeidhm roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá ar na bacáin, tacaímid leis an gcur chuige ginearálta.

Tugaimid dár n-aire, áfach, go bhfuil an seasamh ón gComhairle ar gcúl a mhéid a bhaineann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus feictear dúinn go bhfuil gá le feabhsuithe i ndáil leis an méid sin. Ba cheart don rialachán maidir le húsáid catagóirí speisialta sonraí pearsanta (Airt. 9 (1) RGCS) a bheith i gcomhréir le forálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha. De bhrí nach ceadmhach catagóirí speisialta sonraí pearsanta a úsáid le haghaidh fógraíocht tráchtála, caithfidh go mbeidh feidhm níos mó aige seo maidir le fógraíocht pholaitiúil. Is colún bunúsach de dhaonlathas na hEorpa é sláine an phróisis toghcháin agus, dá bhrí sin, tá sé lasmuigh den mhéid is féidir a bheith faoi réir rogha an duine aonair trí thoiliú a thabhairt maidir le próiseáil sonraí i gcomhthéacs chomh híogair sin.

Dá bhrí sin, is fearr linn toirmeasc a chur ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a úsáid (Airt. 9 (1) RGCS) i gcomhthéacs spriocdhíriú agus aimpliú na fógraíochta polaitiúla. Ba cheart Airteagal 12 (2) agus (2a) a scriosadh ionas nach gceadófar na sonraí sin a úsáid, gan beann ar thoiliú.

Ag féachaint don chaibidlíocht idirinstitiúideach a dhéanfar go luath leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa, tá súil againn go ndéanfar na gnéithe sin a bhreithniú go mion agus go cúramach agus go gcuirfear san áireamh sa phlé iad.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 15811/22</u>**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 8 ar liosta na míreanna 'B':** | **Clársceidealú Reachtach – Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais don tréimhse ó 2023 go 2024**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN LE TACAÍOCHT ÓN ÍSILTÍR**

'Leagann an Ghearmáin tábhacht mhór ar an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais agus leanfaidh sí de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach sa phróiseas.

Tá ról tábhachtach ag rialacha fioscacha san Aontas chun an beartas fioscach a chomhordú idir na Ballstáit. Ba cheart dóibh díriú ar phríomhchuspóirí na hinbhuanaitheachta fiachais agus an airgeadais phoiblí fhónta. Ag an am céanna, ba cheart aon bhearta comhdhlúthaithe atá ag teastáil a cheapadh ar bhealach lena n-éascófaí fás; tá sé sin ríthábhachtach chun éifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha ar an airgeadas poiblí a sheachaint agus chun freastal ar riachtanais infheistíochta.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN LE TACAÍOCHT ÓN UNGÁIR**

'Aontaíonn an Pholainn leis an gcuspóir leanúint den smacht reachta a chosaint mar aon lenár ndaonlathas a chosaint agus a neartú san Aontas agus ár gcomhluachanna Eorpacha a chosaint.

Mar sin féin, i gcomhréir le seasamh seanbhunaithe polaitiúil dlíthiúil na Polainne, cuirimid i dtreis gur féidir le hionstraim ar bith tacú le neartú an smachta reachta ach an ionstraim sin a bheith bunaithe go cuí ar na Conarthaí agus curtha i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha dlí sin an Aontais. Ní féidir caighdeáin dhúbailte a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na n-ionstraimí atá ann cheana agus ba cheart urraim chuí a léiriú do phrionsabail an tabhartha, na córa comhionainne agus na hiontaoibhe fhrithpháirtí mar aon le córais bhunreachtúla, oidhreacht dhlíthiúil agus féiniúlacht náisiúnta na mBallstát mar a fhoráiltear sna Conarthaí.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN LE TACAÍOCHT ÓN UNGAIR**

‘Tacaíonn an tSlóivéin le formheas an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis na tosaíochtaí reachtacha do 2023 agus 2024, ar céim thábhachtach iad i dtreo fheidhmiú comhordaithe éifeachtach na n-institiúidí agus aghaidh á tabhairt acu ar shaincheisteanna reatha agus beart de réir a mbriathra á dhéanamh acu i dtaca le clár oibre uaillmhianach an Aontais.

Tá lúcháir orainn go luaitear na Balcáin Thiar faoi dhó i gcomhthéacs phróiseas an mhéadaithe, ach tarraingíonn muid aird ar an tagairt mhíchruinn atá i mír 4 den Dearbhú Comhpháirteach. Ní áirítear an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin nó an Chosaiv ar an téarma a úsáidtear - ‘na tíortha is iarrthóirí’. Mar sin, eisiatar ón gcomhar iad leis an bhfoclaíocht, ag féachaint d’aontachas leis an Aontas amach anseo.’

---